



An Binse Achomhairc Fostaíochta
Employment Appeals Tribunal

An Binse Achomhairc Fostaíochta

Tuarascáil Bhliantúil

2015

Arna cur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi
Alt 39 (18) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2014

Clár Ábhar

Ráiteas Misin	3
Brollach ón gCathaoirleach	4
Comhaltaí an Bhinse Achomhairc Fostaíochta	6

Caibidil 1 – Staitisticí cásanna		
1.1	Nuacht an Bhinse	8
1.2	Cásanna a Tarchuireadh sa bhliain 2015	9
1.3	Cásanna a Cuireadh de Láimh sa bhliain 2015	10
1.4	Liosta Achtanna nach ndearnadh aon chásanna a tharchur ná a chur de láimh ina leith sa bhliain 2015	12
Caibidil 2 – Ionadaíocht ag Éisteachtaí		
2.1	Costas agus Ionadaíocht	13
2.2	Ionadaíocht sa bhliain 2015	13
Caibidil 3 – Éisteachtaí		
3.1	Freastal ar Éisteachtaí an Bhinse	15
3.2	Éisteachtaí agus Ionaid	15
Caibidil 4 – Iarratais/Áiseanna		
4.1	Iarratais chuig an mBinse	17
4.2	Ateangairí	18
4.3	Áiseanna Speisialta/Inrochtaineacht	18
4.4	Cinntí an Bhinse	18
4.5	Cás a tharraingt siar	18
Caibidil 5 – Taifid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta		
5.1	Cosaint Sonraí	20
5.2	Saoráil Faisnéise	20
5.3	Comhaid a Chartlannú	20
5.4	An Scéim Gaeilge	21
Caibidil 6 – Díscáoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta		
6.1	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015	22
6.2	Díscáoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta	22
Caibidil 7 – Gníomhaíochtaí Eile		
7.1	Achomhairc chuig na hArd-Chúirteanna	23
7.2	Cumann Eorpach na mBreithiúna Cúirte Oibreachais	23
Aguisíní		
1	Stair an Bhinse	24
2	Forbhreathnú ar Reachtaíocht	25
3	Liosta de Leabhráin agus de Threoirlínte ón mBinse Achomhairc Fostaíochta	26
4	Gluais Téarmaí	27
5	Comhlachtaí Comhairleacha agus Faisnéise	28



An Binse Achomhairc Fostaíochta
Employment Appeals Tribunal

Ráiteas Misin

‘Chun bealach neamhchostasach agus réasúnta neamhfhoirmiúil a chur ar fáil le breithiúnas a dhéanamh i gcás díospóidí maidir le cearta fostaíochta faoin gcorpas reachtaíochta a thagann faoi raon an Bhinse’.

Brollach ón gCathaoirleach

A Aire, a chara,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil an Bhinse Achomhairc Fostaíochta don bhliain 2015, an 48^ú ceann uaidh, a chur faoi do bhráid de réir Alt 39 (18) de na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2014.

Comhlacht neamhspleách garbhreithiúnach is ea an Binse. Tá ról ar leith aige i measc comhlachtaí fostaíochta sa mhéid go bpléann sé go heisiach le saincheisteanna um chearta fostaíochta an duine. Tá dlínse aige faoi roinnt píosaí reachtaíochta dul i ngleic le saincheisteanna a thagann aníos i gcaitheamh na fostaíochta nó ar fhoirceannadh an chaidrimh fostaíochta, rud lena mbaineann an chuid is mó dá chuid oibre.

Is faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, na hAchtanna Iomarcaíochta, na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta agus na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) a éistear na díospóidí a éiríonn as foirceannadh an chaidrimh fostaíochta. Is go díreach leis an mBinse freisin a dhéantar gearáin i gcoinne an Chinnidh ón Aire Coimirce Sóisialaí ar chearta fostaithe nuair a dearbhaíodh fostóir a bheith dócmhainneach. Ar deireadh, is féidir éilimh i leith teidlíochtaí saoire arbh ann dóibh tráth fhoirceannadh an chaidrimh fostaíochta a áireamh le haon éileamh, achomharc nó gearán eile a thionscnaítear os comhair an Bhinse.

Tá deireadh á chur leis an mBinse de réir an athchóirithe a rinneadh le déanaí. Ba é an 1 Deireadh Fómhair 2015 an lá dílsithe le haghaidh an struchtúir nua arna bunú ag an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015. Ina dhiaidh sin, ní bheidh an Binse ag fáil aon éileamh, cé is moite d'éilimh ar fheidhmiú mholtaí na gCoimisinéirí um Chearta faoi reachtaíocht áirithe.

Is ar ais chuig na leibhéil a chonacthas roimh an mbliain 2008 atá an líon tarchur atáthar ag déanamh, rud a mhéadaigh go mór le linn an chúlaithe eacnamaíochta. Fuair an Binse 2,630 cás don tréimhse naoi mí go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2015. Mar is gnách, baineann formhór na gcásanna tarchurtha le dífhostú éagórach. B'ionann an líon agus 1,074 chás. Chuir an Binse 2,679 gcás de lámh sa bhliain 2015. Is amhlaidh sin de bharr na fírice nach bhfuil an Binse ag déileáil a thuilleadh le líon ard cásanna neamhchasta iomarcaíochta, ar cásanna iad a thógann níos lú ama ná cásanna dífhostaithe éagóraigh. Is féidir le cásanna dífhostaithe éagóraigh bheith casta agus a lán ama a thógáil.


Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí agus leis an rúnaíocht as an obair iontach a rinne siad agus as a dtiomantas iontach thar ceann an Bhinse sa bhliain 2015. Is mór an chreidiúint daoibh go léir gur lean sibh de leibhéal seirbhíse chomh hard sin a chur ar fáil do na daoine a bhíonn ag brath orainn.

Déanann an Binse comhbhrón le bean chéile agus le teaghlach an Uas. Declan Winston agus le bean chéile agus le teaghlach an Uas. Tadhg O'Sullivan, beirt a fuair bás sa bhliain 2015. Bhí Declan ina chomhalta fadtéarmach de chuid an Bhinse agus ina dhuine lách a raibh meas air. Bhíodh rud maith le rá aige do gach duine. Comhghleacaí den scoth ba ea Tadhg. Bhí sé cothrom ina chuid oibre agus ba phléisiúr é a bheith ag obair leis. Is go mór a chroíofar Declan agus Tadhg i measc gach duine dinn ar an mBinse.

Gabhann an Binse buíochas leis an Uas. Robert Prole agus leis an Uas. Pat Casey, beirt a d'éirigh as sa bhliain 2015, as an spéis a chuir siad sa Bhinse agus ina chuid oibre agus as an tiomantas a thaispeáin siad don Bhinse agus dá chuid oibre. Is mian liom gach rath a ghuí ar an mbeirt acu sa todhchaí.

Gabhaim buíochas leis an Aire agus leis an Roinn as obair an Bhinse a éascú trí acmhainní a sholáthar sa bhliain 2015.

Mise, le meas,

A handwritten signature in black ink, reading "Kate T. O'Mahony". The signature is written in a cursive, flowing style.

Kate T O'Mahony
Cathaoirleach

Comhaltaí an Bhinse

CATHAOIRLEACH	Jeremiah O'Connor	Neil Ormond	Helen Murphy
Kate T O'Mahony B.L.	Peter J O'Leary B.L.	Dermot Peakin	Phil Ní Sheaghdha
LEAS-CHATHAOIRLIGH	Moya Quinlan	Pat Pierce	Owen Nulty
Sinéad Behan B.L.	Joe Revington S.C.	Peter J Pierson	Seamus O'Donnell
Kieran Buckley	Nicholas Russell	William Power	Michael O'Reilly
Pamela Clancy	Tom Ryan	John Reid	Ciaran Ryan
Charles Corcoran B.L.	Jeremiah Sheedy	Máire Sweeney	Dave Thomas
Eithne Coughlan (CC)	Joseph Smith (CC)	Liam Tobin	Paddy Trehy
Ann-Marie Courell B.L.	Tony Taaffe	Jean Winters	Owen Wills
Fiona Crawford B.L.	Patrick Wallace (CC)	PAINÉAL NA bhFOSTAITHÉ	Paddy Woods
Emile Daly B.L.	PAINÉAL NA bhFOSTÓIRÍ	Frank Barry	
Dorothy Donovan B.L.	Gerry Andrews	Tom Brady	Rúnaí leis an mBinse
Catherine Egan B.L.	Joe Browne	Eveta Brezina	Frances Gaynor Uasal
John Fahy B.L.	Michael Carr	Al Butler	
James Flanagan B.L.	Frank Cunneen	Finbarr Dorgan	
Veronica Gates B.L.	Moss Flood	James Dorney	
Myles Gilvarry	Angela Gaule	Noel Dowling	
Bernadette Glynn	Tom L Gill	Patsy Doyle	
Dara Hayes B.L.	James Goulding	John Flannery	
Graham Hanlon	Eamon C Handley	John Flavin	
Eamon Harrington	Don Hegarty	Tom J Gill	
David Herlihy	James Hennessy	Nóirín Greene	
Patrick Hurley	John Horan	Helen Henry	
Elva Kearney B.L.	Ben Kealy	Thomas A Hogan	
Margaret Levey B.L.	J J Killian	James Jordan	
James M Lucey	Con Lucey	Hilary Kelleher	
Dermot MacCarthy S.C.	Gerry McAuliffe	Suzanne Kelly	
Orna Madden B.L.	Cyril McHugh	Frank Keoghan	
Roderick Maguire B.L.	Finbar Moloney	Rosabel Kerrigan	
Sean Mahon	Don Moore	Sean Mackell	
Mary McAveety	Desmond Morrison	Michael McGarry	
Jeananne McGovern B.L.	Roger F Murphy	Alice Moore	
Penelope McGrath B.L.	Michael Noone	Joe Maher	
Sandra McNally	William O'Carroll	Mary Maher	
Fintan J Murphy (CC)	Tom O'Grady	Dominic McEvoy	
Eamonn Murray	Aidan O'Mara	Jim Moore	
Niamh O'Carroll Kelly B.L	James O'Neill	Máire Mulcahy	

¹ Tagraíonn (CC) do Chláraitheoirí Contae

² D'éirigh an tUas. Robert Prole agus an tUas. Pat Casey as sa bhliain 2015. Fuair an tUas. Declan Winston agus an tUas. Tadhg O'Sullivan bás.

Comhdhéanamh an Bhinse don bhliain 2015

I dtús na bliana 2015, chuimsigh an Binse Cathaoirleach amháin, 44 Leas-Chathaoirleach agus painéal 76 chomhalta eile ar ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí iad. D'éirigh beirt chomhaltaí as agus fuair beirt chomhaltaí bás sa bhliain 2015.

An Rúnaíocht

Is í an Rúnaíocht atá freagrach as riar na gcásanna a tharchuirtear chun an Bhinse faoin reachtaíocht éagsúil um chearta fostaíochta. Is é an ról atá aige ná tacaíocht riaracháin a sholáthar don Bhinse. Tá foireann Rúnaíocht an Bhinse comhdhéanta de státseirbhísigh a sannann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta iad. Is í Frances Gaynor Uasal Rúnaí an Bhinse.

Caibidil 1

1.1 Nuacht an Bhinse 2015



Rinne an Binse Achomhairc Fostaíochta na nithe seo sa bhliain 2015:

Fuair sé **2,630³** cás

Chuir sé **2,679** gcás de láimh

Bhí **1,146** shuí aige

³ Ón 1 Deireadh Fómhair 2015, faoi mar a fhoráiltear dó san Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, scoir an Binse de ghlacadh le héilimh dhíreacha agus le hachomhairc dhíreacha. Bhí gach ceann de na cásanna a cuireadh isteach chuig an mBinse roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 lena n-éisteacht ag an mBinse fós. Lean an Binse de ghlacadh le cásanna feidhmithe agus le hiad a phróiseáil tar éis an dáta sin.

1.2 Cásanna a Tarchuireadh sa bhliain 2015 (na 9 mí go dtí an 30 Meán Fómhair)

Forbhreathnú ar na Cásanna a tarchuireadh

Is leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair 2015 a bhaineann na figiúirí thíos le haghaidh cásanna céadchéime agus cásanna achomhairc. Is do bhliain iomlán (12 mhí) atá na figiúirí maidir le Cásanna Feidhmithe.

	Cásanna Céadchéime (9 mí)	Cásanna Achomhairc (9 mí)		Cásanna Feidhmithe (12 mhí)	Iomlán
		Ag Fostaithe	Ag Fostóirí		
Iomarcaíocht	384	0	0	0	384
Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta	465	0	0	0	465
Dífhostú Éagórach	920	76	35	43	1,074
Cosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí)	1	0	0	0	1
Eagrú Ama Oibre	111	0	0	0	111
Cosaint Mháithreachais	0	14	0	0	14
Íoc Pá	0	77	69	0	146
Téarmaí Fostaíochta (Faisnéis)	0	38	28	54	120
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais a Aistriú)	0	112	56	0	168
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta)	0	99	48	0	147
IOMLÁN	1,881	416	236	97	2,630

Bhí líon na gcásanna a fuarthas sa bhliain 2015 (2,630 cás) 37% níos lú ná líon na gcásanna a fuarthas sa bhliain 2014 (4,162 chás). Ceann de na príomhchúiseanna leis an laghdú sin ná nár tarchuireadh aon éilimh nua ná achomhairc nua chuig an mBinse ón 1 Deireadh Fómhair 2015 de réir an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015.

Ba iad seo na trí chatagóir ba mhó ó thaobh líon na gcásanna a tarchuireadh de:

- | | |
|---|-----|
| (1) Dífhostú Éagórach (DÉ) | 41% |
| (2) Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta (FÍ) | 18% |
| (3) Iomarcaíocht (ÍI) | 15% |

1.3 Cásanna a Cuireadh de Láimh sa bhliain 2015

Forbhreathnú ar Chásanna a Cuireadh de Láimh

Is don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016 (12 mhí) atá na figiúirí thíos le haghaidh cásanna céadchéime, cásanna achomhairc agus cásanna feidhmithe.

Cásanna Céadchéime

	Ceadaithe	Dífe	Tarraingthe Siar le linn Éisteachta	Tarraingthe Siar roimh Éisteacht	Iomlán
Iomarcaíocht	194	69	33	224	520
Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta	115	96	55	253	519
Dífhostú Éagórach	181	183	164	474	1,002
Cosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí)	20	2	0	0	22
Eagrú Ama Oibre	29	29	18	62	138
IOMLÁN	539	379	270	1,013	2,201

Cásanna Achomhairc

	Seasta leo	Leagtha	Athraithe	Tarraingthe Siar	Iomlán
Dífhostú Éagórach	43	22	10	80	155
Cosaint Mháithreachais	0	0	1	0	1
Íoc Pá	59	19	5	89	172
Téarmaí Fostaíochta (Faisnéis)	33	9	3	48	93
Saoire do Thuismitheoirí	1	1	0	1	3
IOMLÁN	136	51	19	218	424

Miondealú ar Achomhairc bunaithe ar chásanna arna dtionscnamh ag Fostaithe nó Fostóirí

	Seasta leo	Leagtha	Athraithe	Tarraingthe Siar	Iomlán
Fostaithe	95	34	8	130	267
Fostóirí	41	17	11	88	157
IOMLÁN	136	51	19	218	424

Cásanna Feidhmithe

	Seasta leo	Leagtha	Athraithe	Tarraingthe Siar	Iomlán
Dífhostú Éagórach	18	0	0	8	26
Téarmaí Fostaíochta (Faisnéis)	19	0	0	9	28
IOMLÁN	37	0	0	17	54

Tháinig laghdú ar líon na gcásanna a cuireadh de láimh ó 4,403 chás sa bhliain 2014 go 2,679 gcás sa bhliain 2015, ar laghdú 1,724 chás nó 39.16% é.

Próifil na gcásanna a cuireadh de lámh

Reachtaíocht		% den Iomlán a Cuireadh de Láimh sa Bhliain 2015	2015	2014
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967-2014	ÍI	19.41	520	1,059
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973-2005	FÍ	19.37	519	927
An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977-2007	DÉ	44.16	1,183	1,500
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984-2012	D	0.82	22	9
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	AO	5.15	138	314
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004	M	.04	1	4
An tAcht um Íoc Pá, 1991	ÍP	6.42	172	428
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994-2014	TF	4.52	121	162
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006	ST	0.11	3	0
IOMLÁN		100%	2,679	4,403

Is féidir le méadú nó laghdú i líon na gcásanna a cuireadh de lámh teacht chun cinn mar thoradh ar roinnt athróg. Baineann an chuid is mó díobh leis na cineálacha cásanna le héisteacht. Ós rud é gur athchóirigh an Binse na cásanna chun éifeachta le roinnt blianta anuas, is cásanna Dífhostaithe Éagóraigh iad formhór na gcásanna atá fágtha lena n-éisteacht. Is féidir leis na cásanna sin bheith níos casta agus níos fadtréimhsí de bharr a gcineáil, rud a fhágann go leithdháiltear níos mó ama ar líon níos lú cásanna. Tagann laghdú i líon na gcásanna á gcur de lámh dá bharr.

Ba iad na héilimh ar dhífhostú éagórach ag 44% an chatagóir éileamh ba mhó a cuireadh de lámh sa bhliain 2015, agus Íocaíocht Iomarcaíochta ag 19% agus Fógra Íosta ag 19% sna sála uirthi.

Bhí roinnt cailteanas agus athruithe foirne ag an mBinse sna blianta 2014 agus 2015, rud a raibh drochthionchar aige ar an ráta cuir de lámh.

Dhámh an Binse cúiteamh ab fhiú **€3,362,842.15** in **212** chás Dífhostaithe Éagóraigh. B'ionann an meánchúiteamh a dhámh an Binse agus **€15,862.46**. I dteannta an chúitimh, ordaíodh aischur i bpost i **3** chás agus ordaíodh ath-rannpháirtíocht i **4** chás.

Próifíl na nDámhachtainí Dífhostaithe Éagóraigh sa bhliain 2015

Dámhachtain Cúitimh €	Líon	Dámhachtain Cúitimh €	Líon
0	5	5001-6000	11
1-250	1	6001-7000	5
251-500	2	7001-8000	13
501-750	0	8001-9000	2
751-1000	4	9001-10000	17
1001-2000	13	10001-15000	31
2001-3000	6	15001-20000	26
3001-4000	13	20001-25000	12
4001-5000	16	>25001	35

1.4 Liosta Achtanna nach ndearnadh aon chásanna a tharchur ná a chur de láimh ina leith sa bhliain 2015

- Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996
- An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairisceoidh Mí-Úsáid Leanáí 1998
- An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001
- Na hAchtanna Iomaíochta 2002 go 2014
- Na hAchtanna um Chosaint Tomhaltóirí 2007 agus 2014
- Na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

Caibidil 2 – Ionadaíocht ag Éisteachtaí

2.1 Costas agus Ionadaíocht

Seirbhís in aisce is ea éileamh a thabhairt chuig an mBinse. Féadfar éisteacht le páirtí in éisteacht roimh an mBinse go pearsanta nó féadfaidh oifigeach ceardchumainn, ionadaí d'eagraíocht fostóirí, aturnae, abhcóide nó, le toiliú an Bhinse, aon duine eile ionadaíocht a dhéanamh dó. Má roghnaíonn páirtí go ndéanfaí ionadaíocht dó, beidh sé freagrach as na costais go léir a bhaineann leis an ionadaíocht sin a íoc. Ní cheanglaítear leis an reachtaíocht go ndéantar ionadaíocht ag éisteacht do pháirtí.

Ní fhéadfaidh an Binse costais a dhámhachtain in aghaidh aon pháirtí mura rud é, i dtuairim an Bhinse, gur ghníomhaigh páirtí go suaibhreasach nó go cráiteach. Tá costais den sórt sin teoranta do shuim shonraithe i leith speansais taistil agus i leith aon chostas nó speansas eile a thabhaigh an páirtí eile go réasúnach i dtaca leis an éisteacht ach ní áireofar leo aon suim as freastal abhcóidí nó aturnaetha, freastal oifigigh ceardchumainn ná freastal ionadaithe ó chumann fostóirí.


2.2 Ionadaíocht sa bhliain 2015

Is iad seo a leanas na sonraí ionadaíochta faoi na hAchtanna éagsúla nó faoin meascán Achtanna sa bhliain 2015:


Bhí ionadaíocht ag 880 **fostaí** ag éisteachtaí os comhair an Bhinse sa bhliain 2015. Díobh sin, bhain 163 chás le hionadaíocht ag Ceardchumainn, bhain 606 chás le hionadaíocht ag ionadaithe dlíthiúla agus bhain 111 chás le hionadaíocht ag daoine eile. Bhí ionadaíocht ag **fostóirí** i 764 chás sa tréimhse sin. Díobh sin, bhain 474 chás le hionadaíocht ag ionadaithe dlíthiúla, bhain 221 chás le hionadaíocht ag daoine eile agus bhain 69 gcás le hionadaíocht ag eagraíochtaí fostóirí.

Is údar spéise é gur sna cásanna dífhostaithe éagóraigh a tharla an leibhéal ionadaíochta ab airde. Sna cásanna sin sa bhliain 2015, bhí ionadaíocht ag 583 pháirtí ab **fhostaithe** (74 fhostaí a ndearna ceardchumainn ionadaíocht dóibh, 468 bhfostaí a ndearna ionadaithe dlíthiúla ionadaíocht dóibh agus 41 fhostaí a ndearna daoine eile ionadaíocht dóibh). Bhí ionadaíocht ag 563 pháirtí ab **fhostóirí** (51 fhostóir a ndearna cumainn fostóirí ionadaíocht dóibh, 363 fhostóir a ndearna ionadaithe dlíthiúla ionadaíocht dóibh agus 149 bhfostaí a ndearna daoine eile ionadaíocht dóibh).


Ionadaíocht faoi na hAchtanna go léir sa bhliain 2015



Ionadaíocht faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach sa bhliain 2015



Ionadaíocht faoi na hAchtanna go léir sa bhliain 2015, gan na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach a áireamh



Caibidil 3 – Éisteachtaí

3.1 Freastal ar Éisteachtaí an Bhinse

Reáchtáiltear éisteachtaí an Bhinse go poiblí, i gcomhréir leis an reacht. Mar sin féin, féadfar iarratas a dhéanamh ar chás a éisteacht *in éisteacht iata* (phríobháideach) i gcúinsí ar leith agus annamha. Is ar an suíomh Gréasáin www.workplacerelations.ie a fhoilsítear sceideal seachtainiúil éisteachtaí an Bhinse anois. I dteannta na bpáirtithe i gcás ar leith, na páirtithe sin a bhféadfadh a gcásanna bheith ar feitheamh agus ar mian leo nós imeachta na n-éisteachtaí a fheiceáil roimh ré, daoine ón bpobal ar spéis leo cearta fostaíochta, grúpaí ón earnáil dheonach (go háirithe grúpaí ó na hIonaid Faisnéise do Shaoránaigh) agus ó ghrúpaí dlí pobail, is amhlaidh a fhreastalaíonn siad go rialta ar éisteachtaí an Bhinse.

Faigheann an Binse iarrataí ar fhreastal air ó mhic léinn tríú leibhéal agus iarchéime. Is ar reachtaíocht na gceart fostaíochta agus ar ról an Bhinse a dhírítear sna hiarrataí sin de ghnáth. D'fhonn grúpaí a éascú, moltar do pháirtithe teagmháil a dhéanamh le rúnaíocht an Bhinse roimh ré chun cóiríocht a chinntiú.

Is féidir faisnéis faoi phróiseas an Bhinse a fháil sa leabhrán uaidh dar teideal *'Treoirlínte d'Fhostaithe, Fostóirí agus Cleachtóirí a thagann os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta'*. Is féidir an leabhrán sin a fháil ar leathanaigh an Bhinse ag www.workplacerelations.ie.

3.2 Éisteachtaí agus Ionaid

Ba í **59** seachtaine an mheántréimhse náisiúnta feithimh sa bhliain 2015, anuas ó **66** seachtaine sa bhliain 2014.

Ní nochtar an scéal ina iomláine leis an tréimhse feithimh amháin, áfach. Cé go reáchtáiltear an Binse Achomhairc Fostaíochta éisteachtaí i dtimpeall **23** ionad ar fud an Stáit, is féidir, i dtréimhsí ina bhfuil líon na gcásanna sách beag, go bhfanfaidh an Binse go dtí go mbeidh líon leordhóthanach cásanna ar láimh sula bhféadfar éisteachtaí in ionaid áirithe a liostú ionas go n-uasmhéadófar an luach ar airgead i ndáil le costais na n-éisteachtaí lasmuigh de Cheann-Oifig an Bhinse. Is féidir cúig lá éisteachtaí san aon ionad amháin an t-aga feithimh a laghdú go mór sa limistéar lena mbaineann a luaithe is atá mais chriticiúil éisteachtaí tagtha le chéile. Líon na n-iarratas ar chur siar nó ar dhul ar atráth a fhaigheann an Binse ó cheachtar páirtí in éisteacht éigin, téann sé i bhfeidhm ar an aga feithimh freisin.

Shuigh an Binse ar **236** lá sa bhliain 2015 agus reáchtáladh éisteachtaí ag **23** ionad éagsúla ar fud na tíre chun freastal ar achomharcóirí agus ar chosantóirí.

Bhain éagsúlacht le líon na rannóg ag suí in aghaidh an lae, agus bhí 7-8 rannóg ar an meánlíon rannóg ag suí in aghaidh an lae. Leagtar amach sna táblaí seo a leanas na hionaid de réir Cúige:

Cúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht	Cúige Uladh
Ceatharlach	Corcaigh	Cora Droma Rúisc	An Cabhán
Baile Átha Cliath	Inis	Caisleán an Bharraigh	Leitir Ceanainn
Cill Chainnigh	Cill Airne	Gaillimh	Muineachán
An Longfort	Luimneach	Ros Comáin	
An Muileann gCearr	Durlas	Sligeach	
Port Laoise	Port Láirge		
Baile Átha Troim			
Tulach Mhór			
Loch Garman			

Caibidil 4 – Iarratais/Áiseanna

Tá an Binse tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil agus, ag féachaint do na hacmhainní ar fáil, do sheirbhís a sholáthar atá éifeachtach agus éifeachtúil araon agus a sholáthraítear ar bhealach cúirtéiseach i gcónaí. Bíonn meas ag an mBinse ar chearta gach páirtí i gcás. Tá cóip dár gCairt Seirbhíse do Chustaiméirí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar leathanach an Bhinse ar www.workplacerelations.ie.

4.1 Iarratais chuig an mBinse

Is féidir iarratais a dhéanamh ar éisteacht a chur siar, ar thoghairm finné agus ar thoghairm le haghaidh doiciméid a thaispeáint, ar éisteacht a bhrostú, ar an éisteacht a shíneadh do thréimhse atá níos faide ná an tréimhse a ceadaíodh i dtús báire (leathlá), ar éileamh a tharraingt siar le saoirse chun athiontráil i gcás inar tháinig na páirtithe ar shocrú agus ar an tréimhse le haghaidh athiontráil an éilimh a shíneadh, más gá. Ní mór iarratais a dhéanamh os comhair Rannóige atá ag suí de chuid an Bhinse. Glactar iarratais dhá uair sa lá i dTeach Davitt (roimh 10am agus 2pm gach lá) agus i láithreacha ábhartha gach seachtain. Cuirfear iarratais dhéanacha ar aghaidh chuig an gcéad suí eile.

Le blianta beaga anuas, fuair an Binse iarrataí a bhain leis an úsáid a bhaintear as luathscríbhneoirí, as comhdhálacha Skype/físchomhdhálacha agus as fianaise TCI. Is féidir faisnéis maidir leo sin a fháil sa leabhrán ón mBinse dar teideal *‘Treoirlínte d’Fhostaithe, Fostóirí agus Cleachtóirí a thagann os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta’*.

Cásanna a Cuireadh Siar

Is í aidhm an Bhinse nuair a leagtar cásanna síos le héisteacht ag an mBinse go dtugtar eolas faoi dhátaí do na páirtithe cúig seachtaine nó sé seachtaine roimh ré ar an meán. Ní dheonófar cur siar ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Má lorgaítear cur siar láithreach bonn nó laistigh de chúig lá oibre ón bhfógra éisteachta a fháil agus go bhfuarthas toiliú an pháirtí eile sa chás, féadfar é a dheonú ansin. Má lorgaítear cur siar níos déanaí agus/nó gan toiliú an pháirtí eile, ní dócha go ndeonófar é. Ní féidir roinnt iarratas ar chur siar a sheachaint leis an gcóras leagtha síos sin, ar córas é atá deartha den chuid is mó ar mhaithe le caoithiúlacht na bpáirtithe. Mar sin féin, níl smacht ag an mBinse orthu. Is éard is toradh ar chásanna cur siar a ndéantar iarratas orthu róghar do dháta na héisteachta agus a dheonaítear ná go gcailltear am suite sceidealaithe don Bhinse. Bíonn tionchar diúltach ag an gcaillteanas ama sin ar an gcóras leagtha síos, méadaíonn sé costais agus tagann a thuilleadh moilleanna mar thoradh air idir dáta tarchurtha éilimh agus an dáta éisteachta do gach éilitheoir.

B'ionann líon iomlán na n-iarratas ar chur siar sa bhliain 2015 agus **550** iarratas, ar deonaíodh **388** gcinn díobh agus ar diúltaíodh do **162** cheann díobh. Cailleadh **149.5** lá suí dá bharr sin. I gcomparáid leis sin, b'ionann líon iomlán na n-iarratas ar chur siar sa bhliain 2014 agus **559** n-iarratas, ar deonaíodh **333** cinn díobh agus ar diúltaíodh do **226** cinn díobh. Cailleadh **84.5** lá suí dá bharr.

4.2 Ateangairí

Má chreideann páirtí go mbeidh ateangaire ag teastáil chun an t-éileamh a éisteacht, féadfaidh sé iarratas ar sheirbhísí ateangaire a dhéanamh chuig rúnaíocht an Bhinse ach litir nó ríomhphost a sheoladh chuici (EAT@djei.ie), agus an teanga lena mbaineann á sonrú aige. Iarrann an Binse go ndéantar iarratais den sórt sin dhá sheachtain ar a laghad roimh dháta na héisteachta.

Sa bhliain 2015, rinneadh **281** iarraidh theanga agus áiríodh leo Polainnis, Beangáilis agus Tagálaigis i measc teangacha eile. Ba é **198** n-iarraidh an líon iarrataí sa bhliain 2014. B'ionann sin agus méadú 42%.

4.3 Áiseanna Speisialta/Inrochtaineacht

Is inrochtana ina n-iomláine atá oifigí an Bhinse i dTeach Davitt i mBaile Átha Cliath agus tá ceann amháin de na seomraí feistithe le closchóras lúibe. Déanfaidh an Binse, ach iarraidh a fháil, gach beart indéanta chun áiseanna speisialta a sholáthar do dhuine atá faoi mhíchumas agus/nó ag a bhfuil riachtanais speisialta eile. D'fhreastail an Binse ar **3** iarraidh ar threalamh éisteachta sa bhliain 2015.

Iarrtar ar pháirtithe fógra a thabhairt do rúnaíocht an Bhinse tamall maith roimh an éisteacht má bhíonn áiseanna speisialta ag teastáil.

4.4 Cinntí an Bhinse

Coimeádann an Binse Clár poiblí dá Bhreithiúnais agus dá chinntí, i gcomhréir leis an reacht. Bíonn an Clár ar oscailt lena iniúchadh saor in aisce ag duine ar bith den phobal le linn gnáthuaireanta gnó ag a oifigí i dTeach Davitt, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Bíonn na cinntí ar fáil ar an suíomh Gréasáin freisin.

4.5 Cás a Tharraingt Siar

Ní fhéadann ach éilitheoir/achomharcóir nó a ionadaí cás a tharraingt siar. Is féidir le páirtithe cás a tharraingt siar ach an méid sin a chur in iúl don rúnaíocht trí litir, trí fhacs nó trí ríomhphost agus an téarma ‘tarraing siar’ a úsáid in ábhar an chomhfhreagrais. Ní féidir le cosantóir cás a tharraingt siar thar ceann éilitheora. I gcás ina bhfuil páirtí ag iarraidh cás a tharraingt siar le saoirse chun athiontráil (i gcásanna ina bhféadfadh go dteipfeadh ar an socrú), caithfidh sé déanamh amhlaidh os comhair rannóige atá ag suí de chuid an Bhinse.

Caibidil 5 – Taifid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

5.1 Cosaint Sonraí

Coinníonn an Binse Achomhairc Fostaíochta sonraí faoi gach iarratas atá faighte aige. Is é atá i gceist le Cosaint Sonraí ná na cearta atá ag daoine chun príobháideachta a chosaint agus a gcuid sonraí pearsanra á bpróiseáil. Leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, tugtar cearta do dhaoine aonair agus leagtar freagrachtaí ar na daoine sin a phróiseálann sonraí pearsanta. De réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, ní bhaineann sonraí pearsanta ach le faisnéis faoi dhaoine aonair agus faoi thrádálaithe aonair amháin.

5.2 Saoráil Faisnéise

Déantar foráil leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 go bhfuil na cearta dlíthiúla seo a leanas ag gach duine:

- an ceart chun rochtain ar thaifid oifigiúla atá i seilbh Ranna Rialtais agus gach comhlachta phoiblí a chloíonn le forálacha Alt 6 den Acht;
- an ceart go ndéanfar faisnéis phearsanta fúthu a cheartú nó a nuashonrú sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- an ceart chun faisnéis a fháil faoi na fáthanna le cinntí a théann i bhfeidhm orthu arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí.

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, tugadh an Binse Achomhairc Fostaíochta faoi shainchúram an Achta ón 14 Aibreán 2015. Ón 14 Aibreán 2015 i leith, is féidir le duine rochtain a iarraidh ar aon taifid a bhaineann leis féin go pearsanta, is cuma cén uair a cruthaíodh iad. Is féidir leis aon taifid eile a cruthaíodh tar éis an 21 Aibreán 2008 a iarraidh. Ba cheart iarrataí faoin Acht a sheoladh i scríbhinn nó trí ríomhphost chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, an Binse Achomhairc Fostaíochta, Teach Davitt, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2; Facs: +353 (1) 631 3266/ 3329; Ríomhphost: eat@djei.ie. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar leathanach an Bhinse Achomhairc Fostaíochta ar an suíomh Gréasáin.

Ón 14 Aibreán 2015, fuair an Binse 20 iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

5.3 Comhaid a Chartlannú

Is comhlacht sceidealaithe é an Binse Achomhairc Fostaíochta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. De ghnáth, ní mór taifid atá níos sine ná 30 bliain d'aois agus i seilbh comhlachtaí sceidealaithe a aistriú chuig an gChartlann Náisiúnta agus a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal. Tar éis cigireachta a rinne oifigigh de chuid na Cartlainne Náisiúnta an 6 Aibreán 2011, is amhlaidh gur thug an Chartlann Náisiúnta údarú, de bhun alt 7(3) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, nach fiú na taifid dá dtagraítear sa deimhniú (i.e. achomhairc faoin reachtaíocht ábhartha) a chaomhnú sa Chartlann Náisiúnta agus thug siad údarú dá ndiúscairt de réir alt 7(5) den Acht. D'ordaigh cathaoirleach an Bhinse Achomhairc Fostaíochta gur féidir comhaid cháis a críochnaíodh 12 bhliain ó shin nó ní ba luaithe a scriosadh go bliantúil.

Chuir an Binse tús leis an bpróiseas sin sa bhliain 2015 ach comhaid a críochnaíodh roimh an mbliain 2003, agus an bhliain sin san áireamh, a scriosadh.

5.4 An Scéim Gaeilge

Foráiltear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim Teanga ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair a chur ar fáil i nGaeilge laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama.

Ba é an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a dhearbhaigh Scéim Teanga an Bhinse agus foilseofar i nGaeilge agus i mBéarla í ar shuíomh Gréasáin an Bhinse roimh i bhfad.

Shocraigh an Binse sa bhliain 2015 go n-aistreofaí na doiciméid seo a leanas go Gaeilge:

- An Chairt Seirbhíse do Chustaiméirí
- An Tuarascáil Bhliantúil
- Treoirínte d'Fhostaithe, Fostóirí agus Cleachtóirí a thagann os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

De bhreis ar an méid thuas, cuireadh ateangaire Gaeilge amháin ar fáil ag éisteacht.

Caibidil 6 – Díscaoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

6.1 An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015

Leis an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Uimh. 16 de 2015), foráiltear le bunú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Faoi Acht, glacann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre na ról agus na feidhmeanna ar chomhlíon an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Binse Comhionannais (ET), an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC) agus Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta (RCS) iad roimhe sin agus glacann sé feidhmeanna céadchéime an Bhinse Achomhairc Fostaíochta (EAT). Chomh maith leis sin, foráiltear leis an Acht do leathnú na Cúirte Oibreachais, rud a bhfuil sé mar éifeacht aige go bhfuil dlínse achomhairc aonair ag an gCúirt Oibreachais ón 1 Deireadh Fómhair 2015 i leith i ngach díospóid a thagann chun cinn faoi achtuithe maidir le cearta fostaíochta.

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2015 i leith, ní ghlacann an Binse Achomhairc Fostaíochta le héilimh ná le hachomhairc a thuilleadh. Ní mór iad a tharchur chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó chuig an gCúirt Oibreachais faoi seach. Choimeád an Binse a fheidhm feidhmithe i dtaca le moltaí na gCoimisinéirí um Chearta.

6.2 Díscaoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

D'oibrigh an Binse go dlúth sa bhliain 2015 leis an Roinn agus leis na comhlachtaí eile um Chaidreamh san Áit Oibre chun clár athchóirithe an Aire a chur ar aghaidh, arb é an príomhthionchar atá aige i gcás an Bhinse ná go ndéanfar a chuid oibríochtaí a thabhairt chun críche agus a dhíscaoileadh faoi dheireadh thiar. Is é an Binse é féin a dhéanfaidh gach cás a taisceadh leis an mBinse roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 (cásanna ar a dtugtar 'cásanna oidhreachta') a thabhairt chun críche. Tá an Binse ag oibriú chun a chásanna oidhreachta a bhrostú agus, dá bharr sin, leanfaidh sé de bheith i mbun feidhme ar feadh tréimhse ama i gcomhthráth leis na struchtúir nua. Is é rún an Bhinse a chuid oibre a thabhairt chun críche chomh héifeachtúil agus is féidir ionas gur féidir é a dhíscaoileadh.

Caibidil 7 – Gníomhaíochtaí Eile

7.1 Achomhairc chuig na hArd-Chúirteanna

Féadfar achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte in aghaidh cinní ón mBinse ar phonc dlí. Sa bhliain 2014, tugadh fógra don Bhinse faoi thrí chás san Ard-Chúirt, lenar áiríodh Athbhreithnithe Breithiúnacha agus cásanna a tarchuireadh ar phonc dlí ina raibh an Binse ina pháirtí ainmnithe.

Is féidir cinní ón mBinse i gcásanna faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach a achomharc chun na Cúirte Cuarda laistigh de shé seachtaine ón dáta ar a gcuirtear na Cinní in iúl do na páirtithe. Tá an nós imeachta maidir le hachomharc a dhéanamh in aghaidh Cinní ón mBinse leagtha amach sna Rialacha Cúirte Cuarda (www.courts.ie). Is sna rialacháin freisin a sholáthraítear meán don Bhinse eolas a fháil faoin tarchur agus faoin toradh ar chásanna a dhéantar a achomharc chun na Cúirte Cuarda. De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, cuireadh thart ar 131 chás (idir achomhairc agus fhorghníomhuithe) ar aghaidh chun na Cúirte Cuarda.

7.2 Cumann Eorpach na mBreithiúna Cúirte Oibreachais

Is ball de Chumann Eorpach na mBreithiúna Cúirte Oibreachais é an Binse. Is é an comhlacht an fóram chun forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh oibre atá ann cheana féin idir comhlachtaí ceart fostaíochta na hEorpa. Forbraíonn sé tuiscint níos mó freisin ar na cearta reachtúla fostaíochta a thugtar d'oibrithe san Eoraip agus ar na córais éagsúla do sheasamh na gceart sin. Ghlac ionadaí don Bhinse páirt sa 19^ú Comhdháil Bhliantúil a chomhordaigh an Cumann i Heilsincí i mí an Mheithimh 2015. Ba é an téama ná “Cearta Oibrithe in aghaidh an riachtanais ghnó – an choimhlint idir na gnéithe sóisialta agus na gnéithe eacnamaíocha”. I bhfianaise na toirte a bhaineann le dlí agus Treoracha fostaíochta an AE, is amhlaidh go gcinntíonn ionadaíocht an Bhinse ag na cruinnithe sin go gcoinníonn na Comhaltaí ar an eolas faoi fhorbairtí sa dlí ag an leibhéal Eorpach.

Aguisín 1: Stair agus Comhdhéanamh an Bhinse

An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, lenar bunaíodh an Binse Achomhairc Fostaíochta, achtaíodh é an 18 Nollaig 1967. Measadh cruthú an Bhinse a bheith ina ghluaiseacht nuálach ag an Stát i réimse chearta na fostaíochta. Bunaíodh é chun a chinntiú gur tugadh feidhm agus cosaint iomlán an dlí do theidlíocht reachtúil an oibrí i leith iomarcaíochta. Bunaíodh fóram de réir an Achta a bhféadfadh an ‘gnáthdhuine’ cás a tharchur ann chun na cearta sin a sheasamh. Cé is moite dá fhreagracht leanúnach as achomhairc a éisteacht faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, is amhlaidh sa lá atá inniu ann go bpléann an Binse Achomhairc Fostaíochta, faoina theideal leasaithe, le cásanna faoi ocht mír reachtaíochta dhéag. Cuimsíonn siad sin cásanna do Dhífhostú Éagórach agus d’Fhógra Íosta agus achomhairc a éisteacht ó chinntí agus moltaí a dhéanann Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.

Cuireadh an chéad chruinniú de chuid an Bhinse Achomhairc Iomarcaíochta ar siúl an 22 Márta 1968 faoi chaomhnóireacht agus faoi chosaint an chéad sé Chomhalta dhéag a ceapadh chun an Bhinse. Ba é an tUas. John Gleeson, an chéad chathaoirleach, a bhí i gceannas an Bhinse. D’éist an Binse a chéad achomharc an 18 Aibreán 1968. Idir an dáta sin agus an 31 Nollaig 1968, shuigh an Binse ar 75 lá agus d’éist sé 133 achomharc san iomlán. Ba i mBaile Átha Cliath a éisteadh 83 cinn de na hachomhairc sin, agus éisteadh an 50 achomharc eile i roinnt ionaid éagsúla ar fud na tíre. Ba léir ón tús go mbeadh gné ar fud na tíre d’obair an Bhinse ann agus go mbeadh gné náisiúnta di ann dá réir. Leanann an Binse Achomhairc Fostaíochta sa lá atá inniu ann den obair a tosaíodh níos mó ná 40 bliain ó shin.

Feidhmíonn an Binse ina rannóga, le cathaoirleach nó leas-chathaoirleach agus beirt chomhaltaí eile ar gach aon cheann acu, comhalta amháin ó thaobh na bhfostóirí den phainéal agus comhalta amháin ó thaobh na gceardchumann. Bíonn cumhachtaí an chathaoirligh ag leas-chathaoirleach an Bhinse nuair a fheidhmíonn sé mar chathaoirleach (ar iarraidh an Aire nó an chathaoirligh). Éistear na hachomhairc go poiblí mura gcinneann an Binse, ar iarratas a fháil ó cheachtar páirtí agus i gcleachtadh a rogha, go n-éistear an éisteacht go príobháideach.

Aguisín 2: Forbhreathnú ar Reachtaíocht

Is comhlacht reachtúil é an Binse Achomhairc Fostaíochta a bunaíodh chun dul i ngleic le díospóidí fostaíochta agus chun iad a bhreithniú faoi na reachtanna seo a leanas:

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2014

Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007

Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 go 2012

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997

Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004

An tAcht um Íoc Pá 1991

Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 go 2014

Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996

Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta) 2000

An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001

Na hAchtanna Iomaíochta 2002 go 2014

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003

Na hAchtanna um Chosaint Tomhaltóirí 2007 agus 2014

Na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

Leasaíodh na hAchtanna sin leis an Acht Caidrimh san Áit Oibre 2015. Mar sin féin, caithfidh an Binse oibriú, i dtaca le déileáil lena chásanna oidhreachta, ar bhonn na nAchtanna neamhleasaithe.

Aguisín 3: Liosta de Leabhráin agus de Threoirlínte ón mBinse Achomhairc Fostaíochta

Tá na leabhráin/na Treoirlínte thíos ar fáil ar leathanach an Bhinse Achomhairc Fostaíochta ar www.workplacerelations.ie mura luaitear a mhalairt.

1. *'Treoirlínte d'Fhostaithe, Fostóirí agus Cleachtóirí a thagann os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta'* [Leagan Dheireadh Fómhair 2015] *(ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla)*
2. *Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí 2015* *(ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla)*
3. *Nósanna imeachta achomhairc agus feidhmithe atá ar fáil d'fhostaithe atá ag fáil cinntí ón mBinse Achomhairc Fostaíochta* [leagan Iúil 2013] *(ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla)*
4. *Nósanna imeachta achomhairc agus feidhmithe atá ar fáil d'fhostóirí atá ag fáil cinntí ón mBinse Achomhairc Fostaíochta* [leagan Iúil 2013] *(ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla)*
5. *Scéim Gaeilge 2015-2018* *(a bheidh ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla)*
6. *An Scéim um Ábhar Saoráil Faisnéise a Fhoilsiú 2016-2019* *(a bheidh ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla)*

Aguisín 4: Gluais Téarmaí

Éilitheoir	an té a thugann an cás.
Cosantóir	an té nó an chuideachta a dtugtar an cás ina (h)aghaidh.
Achomharcóir	an té nó an chuideachta a dhéanann achomharc in aghaidh cinnidh.
Rannóg	feidhmíonn an Binse ina rannóga, le cathaoirleach nó leas-chathaoirleach agus beirt chomhaltaí eile ar gach aon cheann acu, comhalta amháin ó thaobh na bhfostóirí den phainéal agus comhalta amháin ó thaobh na gceardchumann; bíonn cumhachtaí an chathaoirligh ag leas-chathaoirleach an Bhinse nuair a fheidhmíonn sé mar chathaoirleach (ar iarraidh an Aire nó an chathaoirligh).
Tarraingthe siar	is é an t-éilitheoir nó ionadaí an éilitheora amháin a fhéadann iarratas a tharraingt siar.
Socrú	comhaontú a dtagann na páirtithe air; d'fhéadfadh sé tarlú roimh an éisteacht nó tráth ar bith le linn na héisteachta; ní eiseofar cinneadh sa chás seo.
Saoirse chun athiontráil	sa chás go dtagann na páirtithe ar chomhaontú, tarraingítear an t-éileamh nó an t-achomharc siar agus tugann rannóg teorainn dhocht ama chun an t-éileamh nó an t-achomharc a athiontráil.
Curtha de láimh	cásanna a tharraingítear siar roimh éisteacht nó le linn éisteachta nó a n-eisítear cinneadh ina leith.
Ionadaíocht	féadfaidh páirtí teacht i láthair gan ionadaíocht nó féadfaidh abhcóide nó aturnae, ionadaí ó cheardchumann nó ó eagraíocht fostóirí nó, le toiliú an Bhinse, aon duine eile, ionadaíocht a dhéanamh dó.
Cinneadh	is é is cinneadh ann ná cinneadh ón mBinse a thaifeadtar i ndoiciméad arna shíniú ag an gcathaoirleach agus arna shéalú le séala an Bhinse.
Clár	iontráiltear cinntí ón mBinse i gclár atá ar oscailt lena iniúchadh saor in aisce ag duine ar bith le linn gnáthuaireanta gnó ag oifigí rúnaíocht an Bhinse.

Ní uileghabhálach atá an Ghluais seo de na téarmaí is coitianta as a mbaintear leas i ndáil leis na himeachtaí os comhair an Bhinse ná níl sí ceaptha chun a bheith ina gluais iomlán. Is í an treoir don 'ghnáthdhuine' í i leith na dtéarmaí is coitianta sin agus tá sí ceaptha chun cabhrú leis an léitheoir an téarmaíocht a thuiscint.

Aguisín 5: Comhlachtaí Comhairleacha agus Faisnéise

An tSeirbhís Faisnéise agus Custaiméirí

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Bóthar Uí Bhriain
Ceatharlach
R93 W7W2

Teil.: 059 9178990 nó Íosghlao 1890808090

www.workplacerelations.ie

An tSeirbhís Breithiúnais

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4
D04 AE64

Teil.: 01 6313380

www.workplacerelations.ie

An Chúirt Oibreachais

Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4

Teil.: 01 6136666 nó Íosghlao 1890220228

www.workplacerelations.ie

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Teach Parnell
14 Cearnóg Parnell
Baile Átha Cliath 1

Teil.: +353 1 8045200

www.cro.ie

An Rannóg Iomarcaíochta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bloc C
Ionad Phort an Iarla
Sráid Haiste Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil.: 1890 800 699

www.welfare.ie

Faisnéis do Shaoránaigh

Teil.: +353 12 452 1600 nó
Íosghlao 1890 777 121 nó +353 21 452 1600
Seiceáil www.citizensinformation.ie chun
teacht ar an ionad eolais is gaire duit

An tSeirbhís Cigireachta agus Forfheidhmithe

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Bóthar Uí Bhriain
Ceatharlach
R93 W7W2

Teil.: 059 9178800 nó Íosghlao 1890220100

www.workplacerelations.ie

Seirbhísí Idir-réitigh agus Idirghabhála

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4
D04 AE64

Teil.: 01 6136700 nó Íosghlao 1890220227

www.workplacerelations.ie

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Teil.: +353 1 6312121 nó Íosghlao
1890220222

www.djei.ie

An tSeirbhís Chúirteanna

15 - 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7

Teil.: + 353 1 888 6000

www.courts.ie

An Rannóg Dócmhainneachta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bloc C
Ionad Phort an Iarla
Sráid Haiste Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil.: 1890 800 699

www.welfare.ie

Na Coimisinéirí Ioncaim

Seiceáil www.revenue.ie chun teacht ar oifig
na gCoimisinéirí Ioncaim is gaire duit

*Tabhair faoi deara gur féidir na rátaí a ghearrtar ar uimhreacha 1890 (íosghlao) a bheith éagsúil i measc soláthraithe seirbhíse difriúla